

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Tuarascáil Bhliantúil 2014



# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta Tuarascáil Bhliantúil 2014

© NCSE 2015

**National Council for Special Education**

1-2 Mill Street  
Trim  
Co Meath

**An Chomhairle Náisiúnta um  
Oideachas Speisialta**

1-2 Sráid an Mhuilinn  
Baile Átha Troim  
Co na Mí

T: 046 948 6400  
F: 046 948 6404

[www.ncse.ie](http://www.ncse.ie)

# Clár

Litir chuig an Aire ó Chathaoirleach NCSE	3
Ár gcuid Straitéisí	5
Príomhghaiscí	9
Tosaíocht Straitéiseach 1: Soláthar oideachais agus seirbhísí tacaíochta do leanaí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta a phleanáil agus a chomhordú	13
Tosaíocht Straitéiseach 2: Comhairle um pholasaí a bheidh bunaithe ar fhianaise a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le hoideachas do leanaí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta	21
Tosaíocht Straitéiseach 3: Clár taighde a stiúradh agus a chur i gcrích a bheidh mar bhonn faoi eolas a scaipeadh um dheachleachtas oideachais speisialta ar scoileanna, ar thuismitheoirí is ar an earnáil oideachais	27
Tosaíocht Straitéiseach 4: Athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar breisoideachais agus ardoideachais do dhaoine fásta ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta chomh maith le teoracha deachleachtais a fhorbairt	37
Tosaíocht Straitéiseach 5: A chinntiú go leanann NCSE den bhforbairt mar eagraíocht éifeachtúil a ghéilleann do riachtanais idir reachtúil, rialaithe agus corparáideach agus a chinntiú go mbunaítear straitéisí éifeachtúla maidir le scaipeadh eolais, le cumarsáid agus leis na meáin.	41
Rialú	45

## Aguisíní (1-5)

1. Deimhnithe um Ghéiliúlacht do Riachtanais an Chóid Rialaithe do Chomhlachtaí Stáit	55
2. Foireann NCSE	57
3. Eolas Staitistiúil don Scoilbhliain 2013-14	58
4. Cur síos ar na Catagóirí Míchumais	60
5. Gluais Acrainmneacha is mó Luaite	63



# Litir chuig an Aire ó Chathaoirleach NCSE

Aibreán, 2015

Jan Uí Shúilleabháin Uas, TD  
Aire Oideachais agus Scileanna  
An Roinn Oideachais agus Scileanna  
Sráid Mhaoilbhríde  
Baile Átha Cliath 1

A Aire, a chara

Cuirim chugat anseo cóip de Thuarascáil Bhliantúil 2014 NCSE mar a éilítear faoi Alt 34 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (EPSEN), 2004.

Is mian liom freisin an tuairisc anseo thíos a thabhairt duit mar a éilítear faoi alt 13.1 den Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit:

- ▶ Ní comhlacht Stáit tráchtála í NCSE. Níl fochomhlacht, beartas páirte ná scairshealbhú againn. Ní raibh aon tionchar ag imeachtaí suntasacha ar NCSE i 2014 ná níltear ag súil lena leithéid d'imeacht.
- ▶ Is mar a nochtar í inár gcuntais bhliantúla 2014 atá staid airgeadais NCSE 2014 agus déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu. Ach an iniúchadh déanta, seoltar chugat ar leith na cuntais úd faoi Alt 29 den Acht EPSEN agus, de réir gá, ina dteannta beidh tuairisc uaim féin agus deimhnithe maidir leis an gCóras NCSE um Airgeadas Inmheánach a Rialú (SIFC).
- ▶ Ghlac NCSE leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit agus géilltear don Chód céanna.
- ▶ Sa chomhthéacs úd, dearbhaím:
  - ▼ Go gcloítear leis na cleachtais chuí um thuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, fála agus díol sócmhainní.
  - ▼ Géilleann baill NCSE don Chód NCSE um lompair Gnó na mBall.
  - ▼ Géilleann fostaithe NCSE don Chód lompair do Státsheirbhísigh.
  - ▼ Géilltear do pholasaí Rialtais maidir le tuarastal a íoc leis an bpríomhfheidhmeannach agus le fostaithe.
  - ▼ Ní íoctar táillí stiúrthóra le baill chomhairle NCSE.
  - ▼ Géilleann NCSE do na treoracha um mholtaí caiteachais caipitiúil a mheas agus a bhainistiú.
  - ▼ Géilleann NCSE do riachtanais Rialtais um pholasaí taistil.
  - ▼ Níl NCSE ag súil le haon imeachtaí suntasacha tar éis don chlár fuílleach a bheith réidh.

Bliain tábhachtach ab ea 2014 agus mórán ar siúl againn mar shaothar san oideachais speisialta. Inár dtuairisc bhliantúil leagtar béim ar na gnímh is ar na gaiscí ba thábhachtaí le linn na bliana.

Gné ríthábhachtach ab ea Tuairisc an Mheitheal NCSE a fhoilsiú chugat mar a moladh samhail nua chun acmhainní teagaisc a dháileadh ar scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta. Táimid cinnte go bhfuil an tsamhail nua a mholtar níos fearr agus níos córa mar mhodh chun tacaíochtaí teagaisc a sholáthar do scoláirí. Nuair a chuirfear i gcrích í, beidh sé ar chumas na scoileanna freastal níos fearr a dhéanamh ar Riachtanais Oideachasúla Speisialta agus cabhrófar le scoláirí an mianach is fearr atá iontu a bhaint amach.

Leanamar dár gclár taighde thábhachtach chun sinne agus daoine eile a chur ar an eolas faoi fhorbairtí is déanaí in oideachas speisialta in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Tá mórán slite againn chun torthaí ár dtaighde a scaipeadh, ár gcomhdháil bhliantúil taighde agus gabhaim buíochas leat as am a chaitheamh ag freastal ar ár gcomhdháil mí na Samhna 2014 agus freisin as an aitheasc oscailte a thabhairt.

Trínár bhfoireann áitiúil – Eagraithe Riachtanas Oideachasúla Speisialta – leanamar den phlé le scoileanna, tuismitheoirí agus le lucht cuí proifisiúnta, maidir le hacmhainní a dháileadh de réir polasaí bunaithe chun tacú le soláthar seirbhísí sna scoileanna do scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta.

Aithnímid an gá atá le heolas agus an ról lárnach a bhíonn ag tuismitheoirí is iad ag roghnú na modhanna oideachasúla a fhreagróidh do riachtanais a leanaí féin. I 2014, d'fhoilsiomar seacht gcinn de bhileoga nua eolais do thuismitheoirí; bhunaíomar freisin clár seisiún eolais do thuismitheoirí leanaí óga ag a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta; ina theannta san forbraíodh, foilsíodh agus scaipeadh bileog eolais ar na roghanna iarscolaíochta a bhíonn ann do dhaoine fásta is do lucht fágtha scoile a bhíonn faoi mhíchumas.

Bhuail an Chomhairle leat mí na Nollag 2014. Bhí an caidreamh úd an-dearfach agus ba mhór an chabhair dúinn é inár gcuid oibre. Táimid ag súil le comhoibriú go dlúth leat féin agus leis an Roinn ar bhonn leanúnach.

Mar is eol duit cheana, d'imigh ár mball Mick Coughlan ar shlí na fírinne i rith na bliana. Cúis bhróin ag an gComhairle ab ea bás Mick agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt anseo don saothar suntasach a bhí déanta aige mar bhall den Chomhairle ón mbliain 2010.

Beidh NCSE lánsásta aon léargas is gá a chaitheamh ar chúrsaí má bhíonn breis eolais uait féin nó ón Roinn faoinár ngníomhaíochtaí i 2014.

Mise le meas

**Eamon Stack**  
*Cathaoirleach*  
*An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta*



Ár gCuid  
Straitéisí





# Ár gCuid Straitéisí

## Cur Chuige Straitéiseach NCSE

Tá sé mar mhisean againn soláthar leanúnach oideachais a chur chun cinn a bheidh cuimsitheach agus a fhreagróidh do ghá leanaí is daoine fásta a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta acu trí chóras oideachais oiriúnach a sholáthar dóibh. Déanaimid é sin trí thacaíochtaí a dháileadh ar scoileanna; trí chomhairle agus eolas a thabhairt; trí thaighde um oideachas a dhéanamh agus a scaipeadh; agus trí chomhairle polasaí ar an Aire Oideachais agus Scileanna faoi cheisteanna oideachais speisialta.

Ar na feidhmeanna a leagtar síos dúinn, in Alt 20 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (EPSEN) 2004, tá an méid seo:

- ▶ Soláthar oideachais do leanaí ag a mbíonn riachtanais speisialta oideachais a phleanáil agus a chomhordú, agus a chinntiú go mbíonn an soláthar céanna ar fáil go leanúnach.
- ▶ Taighde a dhéanamh agus a choimisiúnú.
- ▶ Comhairle um pholasaí oideachais speisialta a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna.
- ▶ Eolas, deachleachtas san áireamh, ar oideachas speisialta a scaipeadh ar thuismitheoirí, ar scoileanna is orthu siúd eile a chuirfeadh suim ann.
- ▶ Dul i gcomhairle le comhlachtaí deonacha lena chinntiú go gcuimsítear a gcuid eolais is oilteachta agus polasaí NCSE á fhorbairt againn.
- ▶ Athbhreithniú ginearálta a dhéanamh ar an soláthar breisoideachais, ardoideachais agus/nó oideachas leanúnach do dhaoine fásta faoi mhíchumas chomh maith le comhairle a chur ar institiúidí oideachais maidir le deachleachtas sa réimse sin.

Tá an Chomhairle tar éis cúig cinn de chuspóirí straitéiseacha a leagan síos chun ár bhfeidhmeanna reachtúla a chur i gcrích. Sa tuarascáil seo mínítear an dul chun cinn atá déanta faoi gach cuspóir díobh.

**Tábla 1: Cuspóirí Straitéiseacha NCSE**

- ▶ **Cuspóir Straitéiseach:** Soláthar oideachais agus seirbhísí tacaíochta do leanaí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta a phleanáil agus a chomhordú.
- ▶ **Cuspóir Straitéiseach 2:** Comhairle um pholasaí a bheidh bunaithe ar fhianaise a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le hoideachas do leanaí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta.
- ▶ **Cuspóir Straitéiseach 3:** Clár taighde a stiúradh agus a chur i gcrích mar bhonn faoi eolas a scaipeadh um dheachleachtas oideachais speisialta ar scoileanna, ar thuismitheoirí is ar an earnáil oideachais.
- ▶ **Cuspóir Straitéiseach 4:** Athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar breisoideachais agus ardoideachais do dhaoine fásta ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta agus treoirlínte deachleachtais a fhorbairt.
- ▶ **Cuspóir Straitéiseach 5:** A chinntiú go leanann NCSE den bhforbairt mar eagraíocht éifeachtúil a ghéilleann do riachtanais idir reachtúil, rialaithe agus corparáideach agus a chinntiú go mbunaítear straitéisí éifeachtúla maidir le scaipeadh eolais, le cumarsáid agus leis na meáin.





Príomhghaiscí



## Príomhghaiscí

### Soláthar Tacaíochta do Scoláirí ag a mbíonn Riachtanais Oideachasúla Speisialta (SEN)

I rith na scoilbhliana 2013-14, rinne NCSE:

- ▶ Soláthar teagasc breise i ngnáthscoileanna do bhreis is 45,700 scoláire ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta.
- ▶ Soláthar tacaíochta trí chúntóir riachtanais speisialta (SNA) do bhreis is 24,000 scoláire ag a bhfuil riachtanais suntasacha cúraim chomh maith le riachtanais oideachasúla speisialta.
- ▶ Próiseas ar bhreis is 16,000 iarratas nua ó bhunscoileanna is meánscoileanna ar uaireanta breise teagasc do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta.
- ▶ Próiseas ar bhreis is 8,800 iarratas nua ó scoileanna ar theacht ar thacaíocht SNA do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta.
- ▶ Próiseas ar bhreis is 2,700 iarratas nua ar iompar scoile do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta.
- ▶ Próiseas ar bhreis is 3,000 iarratas nua ar theicneolaíocht chúntach/trealamh speisialta do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta.
- ▶ Bunú ar an iomlán 737 rang speisialta i ngnáthscoileanna agus áit ar fáil iontu nach mór ag 5,000 scoláire.

### Eolas a Sholáthar do Thuismitheoirí

I 2014, d'fhoilsigh NCSE:

- ▶ Seacht bpaimfléad eolais do thuismitheoirí a mhíníonn na tacaíochtaí a bhíonn ar fáil sa chóras oideachais do scoláirí ag a mbíonn cineálacha áirithe míchumais:
  - ▼ Míchumas Foghlama ar Leith;
  - ▼ Aicídí Urlabhra agus Teanga ar Leith;
  - ▼ An Aicíd Speictream Uathachais;
  - ▼ Deacrachtaí nó Fadhbanna Mothúcháin agus/nó Iompair;
  - ▼ Míchumas Foghlama Ginearálta;
  - ▼ Míchumas Fisiceach;
  - ▼ Dall/Lagú Radhairc.
- ▶ Bhunaigh NCSE clár nua seisiún eolais ar bhonn áitiúil do thuismitheoirí leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta.

## Comhairle Pholasaí

In 2014:

- ▶ D'fhoilsigh NCSE tuairisc ón mheitheal NCSE ar shamhail nua mar mhodh chun tacaíochtaí teagaisc a sholáthar do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta.
- ▶ Mar chuid d'ullmhú polasaí don Aire tharla comhairliúchán leathan leis na páirtithe oideachais faoin soláthar oideachais do scoláirí ag a bhfuil aicíd sa speictream uathachais.

## Taighde

In 2014:

- ▶ D'fhoilsigh NCSE ceithre thuairisc nua taighde mar a leanas:
  - ▼ Soláthar Ranganna Speisialta in Éirinn a thuiscint
  - ▼ Taithí agus Torthaí Oideachais Leanaí ag a mbíonn Riachtanais Oideachasúla Speisialta: Anailís Tánaisteach ar Shonraí ón Staidéar ar Fhás Aníos in Éirinn.
  - ▼ Athbhreithniú ar an bPróiseas NCSE um Dháileadh Acmhainní agus Measúnú ar an nDáileadh Acmhainní sna Scoileanna
  - ▼ Tuairisc ar an mBunachar Sonraí Taighde agus Foilseachán a bhaineann le Polasaí sa Réimse Oideachais Speisialta
- ▶ Leanadh den saothar ar sé thionscnamh taighde eile.
- ▶ Tugadh eolas ar chúlra agus anailís bunaithe ar thaighde chun tacú le hathbhreithniú polasaí NCSE.
- ▶ Scaipeadh torthaí tábhachtacha ar ár séú comhdháil taighde bliantúil.

## Oideachas agus Oiliúint Iarscolaíochta

In 2014:

- ▶ D'fhoilsigh agus scaip NCSE bileog eolais ar na roghanna iarscolaíochta a bhíonn ann do dhaoine fásta is do lucht fágtha scoile a bhíonn faoi mhíchumas.

## Feidhmeanna Corparáideacha

In 2014:

- ▶ Lean NCSE dár gcumas mar eagraíocht éifeachtúil a choimeád agus a fhorbairt.
- ▶ Cinntíodh gur leanadh de sheirbhísí is d'fheidhmeanna bunúsacha NCSE a sholáthar ar bhonn náisiúnta laistigh de theorainn laghdaithe buiséid agus foirne.
- ▶ Aistríodh ár seirbhísí gnóthaí daonacmhainní, párolla agus pinsin go dtí an ionad nua seirbhísí i bpáirt de chuid na Statseirbhíse.

## **Tosaíocht Straitéiseach 1**

Soláthar oideachais agus  
seirbhísí tacaíochta do  
leanaí ag a mbíonn  
riachtanais oideachasúla  
speisialta a phleanáil agus  
a chomhordú





# Tosaíocht Straitéiseach 1

**Soláthar oideachais agus seirbhísí tacaíochta do leanaí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta a phleanáil agus a chomhordú**

## Réamhrá

Déanann NCSE pleanáil, comhordú agus athbhreithniú ar thacaíochtaí breise oideachais a sholáthar do scoileanna a ghlacann le scoláirí, de réir polasaí An Roinn Oideachais agus Scileanna. Tacaítear le breis is 4,000 scoil trí 80 ball foirne SENO lonnaithe go háitiúil a dhéanann pleanáil agus comhordú ar sheirbhísí oideachais agus tacaíochta ina gceantar féin. Ón mbliain 2005, cuireann scoileanna iarratas chuig an SENO áitiúil ar thacaíocht mar theagasc acmhainne, ar thacaíocht SNA, ar theicneolaíocht chúntach/trealamh speisialta nó ar shocrúithe iompair scoile as an ngnáth.

Forálann Alt 2 den in Alt 20 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (EPSEN) 2004, go dtugtar oideachas dá leithéid do leanaí i gcomhshaol cuimsitheach ach amháin sa chás nach mbeadh a leithéid de bheart ar son leas an linbh ná na leanaí a bheadh ina theannta, de dheasca nádúr agus cineál na riachtanas céanna. Dá réir sin, is istigh i ngnáthrang a mhúinteann formhór na scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta.

Déantar freastal ar scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta trí mhodhanna éagsúla mar chlárú go lanáimseartha i ngnáthranganna nó i scoileanna speisialta agus idir eatarthu. Sa réimse roghanna socruithe úd tá:

- ▶ **Gnáthrang**, mar is féidir leis an scoláire ag a bhfuil riachtanais oideachasúla tacaíocht bhreise a fháil ón mhúinteoir trí idirdhealú ar an gcuraclam agus/nó trí tacaíocht bhreise teagasc a fháil ó mhúinteoir tacaíocht fhoghlama/acmhainne.
- ▶ **Rang speisialta i ngnáthscoil** mar a mbíonn idir sé agus 11 scoláire in aon rang speisialta, ag brath ar an ngá áirithe oideachasúil.
- ▶ **Scoil speisialta** do scoláirí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla atá níos casta is iad i ranganna mar a mbíonn idir sé agus 11 scoláire, ag brath ar an ngá áirithe oideachasúil.

## Acmhainní do Scoileanna sa Scoilbhliain 2013-14<sup>1</sup>

### Iarratais ar Thacaíochtaí Breise

I rith na scoilbhliana 2013-2014, rinne na SENO próiseáil ar bhreis is 30, 000 iarratas ar thacaíochtaí do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta, tá anailís ar an ngníomhaíocht úd ar fud na scéimeanna ar fáil i dTábla 1 anseo thíos.

**Tábla 1:** Líon iarratas a ndearnadh Próiseáil orthu sa Scoilbhliain 2013/14

Scéim	Líon iarratas
Múinteoir Acmhainne	Breis 16,000
SNA	Breis 8,800
Iompar Scoile	Breis 2,700
Teicneolaíocht chúntach/trealamh speisialta	Breis 3,000

### Gnáthranganna

Dháil NCSE 5,721 múinteoir acmhainne ar ghnáthscoileanna chun cumas breise teagaisc a sholáthar do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta. I rith na scoilbhliana 2013-14, tháinig méadú ar an líon scoláirí a raibh teacht acu ar thacaíochtaí teagaisc acmhainne go breis is 45,700, i gcomparáid le 42,000 scoláire sa scoilbhliain 2012-13.

4,997 áit ar fáil i  
737 rang speisialta  
i ngnáthscoileanna

### Ranganna Speisialta

Cheadaigh na SENO bunú 118 rang speisialta nua sa scoilbhliain 2013-14 agus b'shin áiteanna do 746 scoláire. Faoi dheireadh mí an Mheithimh 2014, ar an iomlán bhí 737 rang speisialta i ngnáthscoileanna agus 4,997 áit ar fáil.

### Scoileanna Speisialta

I rith na scoilbhliana 2013-2014, bhí thart ar 7,300 scoláire cláraithe i scoileanna speisialta. I rith na scoilbhliana 2012-2013, ar an iomlán bhí 7,500 cláraithe i scoileanna speisialta.

### Tacaíochtaí SNA

Faoi dheireadh na scoilbhliana 2013-14, bhí tacaíocht SNA ag thart ar 24,000 scoláire. Ba é 10,671 an líon post SNA dáilte idir bunscoileanna, meánscoileanna agus scoileanna speisialta.

<sup>1</sup> Leanann an scoilbhliain 2013-14 ó Mheán Fómhair 2013 go Meitheamh 2014.

## Acmhainní do Scoileanna sa Scoilbhliain 2014-15 <sup>2</sup>

Don scoilbhliain 2014-15, cuireadh 480 leis an líon post múinteoireacht acmhainne agus ar an iomlán bhí 6,225 díobh ann agus cuireadh 365 leis an líon Post SNA, rud a d'ardaigh an t- iomlán go 11,110. Tá na sonraí go léir um dháileadh de réir scoile ar fáil ar shuíomh idirlín an NCSE [www.ncse.ie](http://www.ncse.ie).

Leagtar amach an líon múinteoirí acmhainne agus SNA a dáileadh ar scoileanna faoi dheireadh mí na Nollag 2014 i dtábla 2 anseo thíos. Beidh sceideal iomlán na n-acmhainní dailte don scoilbhliain 2014-15 i dTuarascáil Bhliantúil 2015.

Dáileadh 480 post breise teagaisc acmhainne i 2014

Dáileadh 365 post breise SNA i 2014

**Tábla 2:** Líon Post Múinteoireacht Acmhainne agus SNA sna Scoileanna

	Deireadh scoilbhliana 2013-14	Deireadh mí na Nollag 2014
Poist Mhúinteoireacht Acmhainne	5,721	6,204
Poist SNA	10,671	11,078

## An Próiseas Achomhairc um Dháileadh Acmhainní

I 2014, rinne NCSE próiseáil ar bhreis is 24,000 iarratas ó scoileanna ar thacaíocht mhúinteoireacht acmhainne agus SNA don scoilbhliain 2014-15. Tá próiseas achomhairc ag NCSE do na cinntí a thógtar faoi na hiarratais. Cuirtear an próiseas achomhairc in iúl do na scoileanna agus tá na sonraí ar fáil ar ár suíomh idirlín [www.ncse.ie](http://www.ncse.ie).

Laghdú 42% ar líon na n-achomharc faighte i gcomparáid le 2013

Trínár SENO áitiúla, míníonn NCSE a gcuid cinntí um dháileadh acmhainní. Faoi dheireadh mí na Nollag 2014, bhíodas tar éis 96 achomharc a fháil faoi na cinntí um dháileadh acmhainní 2014-15. B'shin laghdú 42% ar an bhfigiúr céanna don bhliain 2013.

Leagtar amach sonraí an phróisis achomhairc i dtábla 3 anseo thíos.

<sup>2</sup> Leanann an scoilbhliain 2014-15 ó Mheán Fómhair 2014 go Meitheamh 2015

**Tábla 3: Anailís ar achomhairc – faighte faoi mhí na Nollag 2014**

Anailís ar achomhairc – faighte faoi mhí na Nollag 2014	
Iomlán achomharc faighte	96
Líon achomharc faighte ó thuismitheoirí	17
Líon achomharc faighte ó scoileanna	79
Líon achomharc faighte faoi dháileadh SNA	61
Líon achomharc faighte faoi uaireanta teagaisc acmhainne	35
Líon achomharc a tarraingíodh siar	28
Líon achomharc a seasadh leo	7
Líon achomharc ar diúltaíodh dóibh	61

## Eolas do Thuismitheoirí

Cuireann NCSE comhairle agus eolas ar fáil do thuismitheoirí. Bíonn ról lárnach ag thuismitheoirí, go háirithe ag thuismitheoirí leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta, is iad ag roghnú cúrsaí oideachais. Dá réir sin aithnímid go mbíonn comhairle agus eolas ag teastáil maidir leis na seirbhísí oideachais is leis na roghanna a bhíonn ann.

### Paimfléid Eolais

In 2014, d'fhoilsigh NCSE seacht gcinn de bhileoga nua eolais do thuismitheoirí/caomhnóirí leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta chun na tacaíochtaí atá ar fail sa chóras oideachais a mhíniú. Cuimsíonn na bileoga eolais úd NCSE na réimsí seo a leanas riachtanas oideachasúla speisialta:

- ▶ Míchumas Foghlama ar Leith;
- ▶ Aicídí Urlabhra agus Teanga ar Leith;
- ▶ An Aicíd Speictream Uathachais;
- ▶ Deacrachtaí nó Fadhbanna Mothúcháin agus/nó Iompair;
- ▶ Míchumas Foghlama Ginearálta;
- ▶ Míchumas Fisiceach;
- ▶ Dall/Lagú Radhairc; agus
- ▶ Bodhar agus Lagú Éisteachta (foilsíodh cheana i 2013).

Dáileadh breis eolais ar  
thuismitheoirí leanaí  
nó daoine óga ag a  
bhfuil riachtanais  
oideachasúla speisialta

Foilseofar paimfléad breise faoin scéim  
Cúntóirí um Riachtanais Speisialta (SNA) go  
luath i 2015.



Tá na paimfléid eolais úd ar fáil ag [www.ncse.ie](http://www.ncse.ie) nó ónár n-eagraithe áitiúla um riachtanais oideachasúla speisialta (SENO).

### Seisiún Eolais do Thuismitheoirí

I 2014, bhunaíomar clár seisiún eolais do thuismitheoirí/caomhnóirí leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta. Is iad na SENO a chuireann i láthair agus mínítear seirbhísí oideachais is tacaíochtaí a bhíonn ar fáil go háitiúil agus conas teacht orthu. Cé go mbuaileann SENOnna go rialta le tuismitheoirí is bonn struchtúrtha atá faoin ndáileadh eolais ar thuismitheoirí sa chlár nua seo.

I ráithe deiridh 2014, tharla 51 seisiún ar fud na tíre agus d'fhreastal breis is 900 tuismitheoir orthu. Díríodh go háirithe ar thuismitheoirí leanaí réamhscoile a rachadh ar scoil don chéad uair mí Meán Fómhair 2015. Bhí deis acu bualadh le SENOnna agus ceisteanna a chur faoin gcóras oideachais agus tacaíochtaí don leanbh ar scoil. Míníodh gnó foireann na scoile agus na scéimeanna um tacaíochtaí mar ranganna speisialta, iompar scoile agus teicneolaíocht chúntach. Dáileadh bileoga eolais, paimfléid agus leathanaigh. Lorgaíodh aiseolas uathu agus bhí sé sin dearfach.

Bhí breis is 900  
tuismitheoir i  
láthair ag 51  
seisiún eolais ar  
fud na tíre



## Tosaíocht Straitéiseach 2

Comhairle um pholasaí a  
bheidh bunaithe ar fhianaise  
a chur ar an Aire Oideachais  
agus Scileanna maidir le  
hoideachas do leanaí ag  
a mbíonn riachtanais  
oideachasúla speisialta





## Tosaíocht Straitéiseach 2

Comhairle um pholasaí a bheidh bunaithe ar fhianaise a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le hoideachas do leanaí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta

### Ról NCSE

Cuireann NCSE sainchomhairle polasaí neamhspleách, is í bunaithe ar fhianaise, ar an Aire Oideachais agus Scileanna faoin oideachas speisialta do leanaí is d'aoisigh óga.


I 2014,

- ▶ D'fhoilsigh NCSE meitheal um shamhail nua chun acmhainní teagaisc a dháileadh ar scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta.
- ▶ Tharla comhairliúchán leathan leis na páirtithe oideachais faoin soláthar oideachais do scoláirí ag a bhfuil an Mí-ord Speictream Uathachais, agus comhairle pholaisí á hullmhú don Aire.
- ▶ Glacadh páirt in obair idirnáisiúnta leis an Ghníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus Oideachas Cuimsitheach (EASNIE).

### Tuairisc Meitheal NCSE

Soláthar do Scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta: Modh níos fearr agus níos córa

Mí an Mheithimh 2014, d'fhoilsigh Meitheal NCSE samhail nua mholta do thacaíochtaí um theagasc breise a dháileadh ar scoileanna, do scoláirí a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta acu



Mí Bealtaine 2013 foilsíodh agus cuireadh i láthair ár gcomhairle pholasaí um dháileadh riachtanas oideachasúla ar na scoileanna<sup>3</sup>, ansin d'iarr an tAire ar NCSE meitheal a bhunú chun moladh a fhorbairt um mhodh níos fearr chun acmhainní breise teagaisc a dháileadh ar scoláirí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta. Aontaíodh ar théarmaí tagartha mar leanas:

*'...Moladh a fhorbairt i dtreo acmhainní teagaisc a dháileadh ar ghnáthbhunscoileanna agus meánscoileanna a thógfaidh ceann de mholtaí i gcomhairle pholasaí NCSE agus d'fhachtóirí a aithníonn próifílí oideachais na scoileanna chomh maith le taifeadadh ar thorthaí scoláirí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta.'*

Chríochnaigh Meitheal NCSE a chuid saothair agus ar 18 Meitheamh 2014 foilsíodh moltaí chuig an Aire Oideachais agus Scileanna um shamhail nua chun acmhainní teagaisc a dháileadh ar scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta.

Mhol an meitheal, agus cathaoirleach NCSE, Eamon Stack sa chathaoir, gurbh iad seo a leanas na fachtóirí a shocródh an leibhéal acmhainní breise teagaisc sna scoileanna:

- ▶ An líon scoláirí cláraithe ag a bhfuil riachtanais an-chasta oideachasúla speisialta
- ▶ An leibhéal gnóthachtála ar an iomlán a bhaintear amach ó thaobh oideachais de
- ▶ Comhthéacs sóisialta is eacnamaíoch na scoile.

### Baill Mheitheal NCSE agus Teresa Griffin, CEO, NCSE



Ó chlé ar chúil: Don Mahon, Pat Kinsella, Anne English, Brian Mac Giolla Phádraig, Maureen Costello, James O'Grady, Peter Archer agus Mary Byrne. Ó chlé chun tosaigh: Áine Lynch, Eithne Fitzgerald, Teresa Griffin (POF), Eamon Stack (cathaoirleach), Katherine O'Leary is Antoinette Nic Gearailt.

<sup>3</sup> Páipéar Comhairle Polasaí NCSE Uimh 4: Tacú le Scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta i Scoileanna (2013)

## Soláthar Oideachais do Scoláirí ag a bhfuil an Mí-Ord Speictream Uathachais (ASD)

D'iarr an tAire Oideachais agus Scileanna ar NCSE comhairle pholasaí a ullmhú um sholáthar oideachais do scoláirí ag a bhfuil an Mí-Ord Speictream Uathachais (ASD). Sa chomhairle pholasaí:

- ▶ Bhí comhairliúchán leathan ag NCSE leis na páirtithe oideachais, san áireamh bhí tuismitheoirí, múinteoirí agus saineolaithe eile um oideachas do scoláirí ag a bhfuil ASD.
- ▶ Scrúdaíodh torthaí staidéar taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta is teoracha agus polasaithe idirnáisiúnta um oideachas do scoláirí ag a bhfuil ASD.
- ▶ Coimisiúnaíodh athbhreithniú dúinn féin ar an litríocht faoi oideachas do dhaoine ag a bhfuil ASD agus measúnú ar an soláthar sa tír seo ar scoláirí ag a bhfuil ASD.
- ▶ Tugadh cuairteanna ar ghnáthranganna, ar ranganna speisialta is ar scoileanna speisialta chun féachaint ar thaithí oideachais scoláirí ag a bhfuil ASD.

Tá súil leis an gcomhairle pholasaí a chur faoi bhráid an Roinn Oideachais agus Scileanna i 2015.

## An Ghníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus Oideachas Cuimsitheach (EASNIE)

Eagraíocht neamhspleách idirnáisiúnta is ea EASNIE chun comhoibriú maidir le riachtanais speisialta agus oideachas cuimsitheach a éascú i measc a cuid ballstát. Is í an aidhm atá acu ná polasaí agus cleachtadh oideachais a fheabhsú d'fhoghlaimoirí ag a bhfuil riachtanais

oideachasúla speisialta. Le linn 2014, ghlac NCSE páirt i ndá chruinniú, ceann amháin mí Bealtaine in Oslo mar a d'eagraigh Aireacht Oideachais agus Taighde na hIorua cuairt staidéir ar a gCóras Tacaíochta Oideachais; agus an dara ceann mí na Samhna i Berlin, mar a d'eagraigh na hÓstaigh ón nGearmáin seimineár ar oideachas cuimsitheach.

Glacann NCSE páirt i saothar Eorpach maidir le forbairt oideachais speisialta agus cuimsitheach

Tá comhairle pholasaí á fhorbairt ag NCSE um sholáthar oideachais do scoláirí ag a bhfuil Mí-ord speictream uathachais



## Tosaíocht Straitéiseach 3

Clár taighde a stiúradh  
agus a chur i gcrích  
a bheidh mar bhonn faoi  
eolas a scaipeadh um  
dheachleachtais oideachais  
speisialta ar scoileanna,  
ar thuismitheoirí is ar an  
earnáil oideachais



## Tosaíocht Straitéiseach 3

Clár taighde a stiúradh agus a chur i gcrích a bheidh mar bhonn faoi eolas a scaipeadh um dheachleachtais oideachais speisialta ar scoileanna, ar thuismitheoirí is ar an earnáil oideachais

### Réamhrá

Déanann NCSE coimisiúnú taighde ar théamaí éagsúla oideachais speisialta. Scrúdaítear agus déantar anailís ar chleachtas is ar sholáthar náisiúnta is féachtar ar an bpicitúir idirnáisiúnta lena chinntiú go bhfuilimid ar an eolas faoin dtaighde is déanaí dá bhfuil ar fáil.

I 2014, d'fhoilsíomar ceithre thuairisc nua taighde, tharla coimisiúnú ar thionscnamh nua fad is a leanadh den obair ar sé cinn d'ábhair taighde. Ina theannta san, bhí an tinreamh ag ár séú comhdháil bhliantúil taighde níos fearr na riamh agus breis is 250 páirtí leasmhara i láthair.



An tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan, is cathaoirleach coiste taighde NCSE, an tOllamh Sheelagh Drudy ag an gComhdháil Taighde NCSE 19 Samhain.

Tugann ár dtaighde eolas faoi théamaí is nósanna a thagann chun cinn san oideachas speisialta do thuismitheoirí, lucht proifisiúnta oideachais agus eile, grúpaí míchumais agus tacaíochta, lucht déanta polasaí agus lucht ollscoile. Cruthaítear bonn láidir freisin faoin gcomhairle polasaí a thugtar don Aire. Leanfaidh ár gclár taighde de dhíriú ar fhorbairt eolais agus ar bhonn a chur faoi pholasáí a bheidh bunaithe ar fhianaise.



## Tuairiscí Taighde NCSE a foilsíodh i 2014

D'fhoilsigh NCSE ceithre thuairisc nua taighde i 2014 atá le feiscint ar ár suíomh idirlín [www.ncse.ie](http://www.ncse.ie).

- ▶ Soláthar Ranganna Speisialta in Éirinn a thuiscint
- ▶ Taithí agus Torthaí Oideachais Leanai ag a mbíonn Riachtanais Oideachasúla Speisialta: Anailís Tánaisteach ar Shonraí ón Staidéar ar Fhás Aníos in Éirinn
- ▶ Athbhreithniú agus Measúnú ar an bPróiseas NCSE um Dháileadh Acmhainní sna Scoileanna
- ▶ Tuairisc ar an mBunachar Sonraí Taighde is ar Fhoilseacháin um Pholasaí sa Réimse Oideachais Speisialta

### Soláthar Ranganna Speisialta in Éirinn a Thuiscint


*Údair: Selina McCoy, Joanne Banks, Denise Frawley, Dorothy Watson, Michael Shevlin agus Fiona Smyth*

Rinne ESRI agus Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath an taighde do NCSE. Tuairiscíodh torthaí suirbhé náisiúnta ranganna speisialta i scoileanna na hÉireann, a léirigh go dtagann méadú suntasach ar an líon rang nua speisialta in aghaidh bliana seachas mar a thagadh fiche bliain ó shin.

Cé go mbaineann an patrún seo le bunscoileanna is le meánscoileanna, is sna meánscoileanna is mó a tharlaíonn sé. Thiar sna 1990idí, osclaítí ocht rang nua speisialta i mbunscoileanna in aghaidh bliana i gcomparáid le 25-28 rang idir 2009-11. Ag leibhéal na meánscolaíochta, osclaítí dhá rang in aghaidh bliana sna 1990idí i gcomparáid le 50-67 rang idir 2009-11.

Léiríodh freisin gurb iad na ranganna do scoláirí uathachais is mó atá mar ranganna speisialta sna bunscoileanna agus iad ag leibhéal 60% den iomlán. Do scoláirí atá faoi mhíchumas foghlama ginearálta íseal a bhí 14% díobh agus bhain 11% leo siúd ag a bhfuil aicidí urlabhra agus teanga ar leith.

Léargas difriúil a fuarthas sna meánscoileanna; do scoláirí atá faoi mhíchumas foghlama ginearálta íseal a bhí 22%, bhain 19% le huathachas agus bhí 19% nár tháinig faoi aon chatagóir ar leith, ach iad ag freagairt do réimse éagsúla riachtanas oideachasúla.



Bhí difríocht suntasach idir bunscoileanna agus meánscoileanna maidir le bunú na ranganna. Sna bunscoileanna don chuid is mó, bunaítear iad go foirmiúil ag NCSE nó ag DES. Is fíor áfach, maidir le meánscoileanna, gur bunaíodh breis is a leath díobh go neamhfhoirmiúil laistigh den scoil trí uaireanta teagaisc acmhainne a dáileadh ar scoláirí aonair a chomhroinnt. Léiríodh freisin gur minic a chaitheann na scoláirí seo an chuid is mó den tseachtain, nó an tseachtain iomlán, le chéile ina rang féin agus gurb amhlaidh a bhíonn ar feadh a gcuid blianta scolaíochta.

Torthaí is ea iad siúd ar Chéim 1 den staidéar. I gCéim 2 scrúdófar go mion líon áirithe ranganna speisialta i 12 scoil mar staidéar cáis ar leith; foilseofar na torthaí i 2015.


### Taithí agus Torthaí Oideachais Leanaí ag a mbíonn Riachtanais Oideachasúla Speisialta: Anailís Tánaisteach ar Shonraí ón Staidéar ar Fhás Aníos in Éirinn

*Údair: Jude Cosgrove, Caroline McKeown, Joseph Travers, Zita Lysaght, Órla Ní Bhroin agus Peter Archer*

Scrúdaigh an tuairisc seo, ar thaithí agus ar thorthaí leanaí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta, na sonraí a bhain le sampla ionadaíoch náisiúnta leanaí naoi mbliana d'aois. Bailíodh na sonraí mar chuid den staidéar ar Fhás Aníos in Éirinn (GUI). Foireann ón Ionad Taighde Oideachais agus ó Choláiste Phádraig, Baile Átha Cliath a rinne an anailís.

San anailís aithnítear leanaí ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta /deacrachtaí foghlama laistigh den díorma GUI, scrúdaítear a gcás maidir le torthaí trialacha léamh agus mata, folláine, neamhspleáchas, bulaíocht, tinreamh agus sástacht ar scoil, i gcomparáid le leanaí nach mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta acu. Scrúdaítear freisin agus déantar comparáid idir taithí agus torthaí i measc grúpaí leanaí ag a mbíonn cineálacha difriúla riachtanas.

Fuarthas amach san anailís gur aithin tuismitheoirí/múinteoirí beagán faoi bhun 28% de na leanaí a raibh riachtanais oideachasúla speisialta no deacrachtaí foghlama acu. Ar an mórgcóir bhí a dtorthaí léamh agus mata níos ísle ná iad siúd nach raibh riachtanais oideachasúla speisialta acu. Bhí an-dhifríocht ar fad áfach, ar na scóir i measc na 12 grúpa SEN a aithníodh sa staidéar. Mar shampla, bhí na scóir ar an meán don léamh ag leanaí a bhí faoi mhíchumas fisiceach nó céadfaíoch is ag a raibh an mí-ord speictream uathachais ar aon dul leo siúd nach raibh aon riachtanas speisialta acu. I gcontrárthacht leis sin, bhí scóir ar an meán i bhfad níos ísle ag leanaí ag a raibh deacrachtaí iompair, mothúchán nó sóisialta (SEBD) i dteannta míchumas foghlama ginearálta, nó ag a raibh disléicse chomh maith le ceann de na deacrachtaí luaite, ná mar a bhí ag leanaí nach raibh aon riachtanas speisialta acu.



Ar an iomlán, thaitin an scoil níos mó leo siúd nach raibh aon riachtanas speisialta acu agus bhí rátaí tinrimh níos fearr acu. Áiríodh tinreamh íseal go mórmhór ina measc siúd ag a raibh disléicse nó deacrachtaí iompair, mothúcháin nó sóisialta.

Tá an dara bunachar sonraí faoi leanaí in aois 13 bliana ar fáil anois díreach agus i 2014, rinne NCSE coimisiúnú ar imscrúdú eile chun a fháil amach conas mar a tháinig aon athrú nó dul chun cinn ar na torthaí úd ó shin i leith.




Ó chlé: Caroline Mc Keown, An tIonad Taighde Oideachais; Jude Cosgrove, An tIonad Taighde Oideachais; Joseph Travers, Coláiste Phádraig, Droim Conrach ag an gComhdháil Taighde NCSE.

### Athbhreithniú ar an bPróiseas NCSE um Dháileadh Acmhainní agus Measúnú ar an nDáileadh Acmhainní sna Scoileanna

*Údair: William Kinsella, Lelia Murtagh, Joyce Senior agus Michael Coleman*

Scrúdaigh an taighde seo an córas um dháileadh acmhainní breise ar scoláirí a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta acu agus pléadh éifeacht agus éifeachtúlacht oibriú an chóras mar atá. Scrúdaíodh freisin an leas a bhaintear as na hacmhainní breise úd sna scoileanna.

Le linn 2010 agus 2011, tharla 12 dianstaidéar i ngnathscoileanna agus i scoileanna speisialta, pléadh le príomhoidí, le múinteoirí ranga agus SEN, le SNAnna, le scoláirí a fhaigheann tacaíocht bhreise agus lena dtuismitheoirí. Cuireadh agallamh leis ar shíceolaithe oideachais na scoileanna agus ar na SENOnna. Ina theannta san, bhain an taighde le suirbhé um shampla ionadaíoch srathaithe scoileanna.



I dtuairim na scoileanna tá an córas um dháileadh acmhainní éifeachtach ó thaobh cinntí a thógaint in am tráth maidir le hiarratais. Luadh freisin gur tháinig feabhas ar an bpróiseas ó bunaíodh NCSE agus ó ceapadh SENOnna. D'aithin tuismitheoirí agus scoileanna deacrachtaí maidir le teacht ar mheasúnú chun a bheith i dteideal teacht ar an dtacaíocht. Go minic bhraitheadh sé sin ar thuismitheoirí nó ar scoil a bheith in ann íoc as measúnú go príobháideach.

Bhí an-éagsúlacht idir modhanna úsáide na n-acmhainní ó scoil go chéile. Ach ba bheag fianaise a bhí ann go ndéantaí taifeadadh foirmiúil ar dhul chun cinn an scoláire lena fháil amach an raibh ag éirí leis an dtacaíocht bhreise. Ar an ábhar san bhí príomhoidí áirithe i bhfabhar monatóireacht éigin fhoirmiúil ar dháileadh acmhainní breise chun a chinntiú go mbainfidh na hidirghabhálacha na torthaí amach a bhfuiltear ag súil leo.



An Inventory of Research and Policy Related Publications in the Field of Special Education on the Island of Ireland since 2000:

Report on Updating of Database from 2009-2013

Joseph Travers and Rosie Savage, St Patrick's College, Drumcondra



A report commissioned by the NCSE 2014

The National Council for Special Education has funded this research. Responsibility for the research (including any errors or omissions) remains with the authors. The views and opinions contained in this report are those of the authors and do not necessarily reflect the views or opinions of the Council.

## Bunachar Sonraí NCSE um Thaighde agus Foilseacháin a bhaineann le Polasaí sa Réimse Oideachais Speisialta

Údair: Joseph Travers and Rosie Savage

I 2014, d'fhoilsíomar bunachar sonraí nuashonraithe a léirigh tagairtí d'fhoilseacháin sa réimse oideachais speisialta ar oileán na hÉireann ó mhí Eanáir 2000. Tá nach mór 3,200 tagairt anois ann, beagnach dubailt an méid a bhí i gcéad eagrán an bhunachar sonraí a foilsíodh i 2009.

Acmhainn luachmhar cuardaigh ar líne is ea an bunachar sonraí don NCSE, do thaighdeoirí, cleachtóirí, lucht déanta polasaí, mic léinn agus d'aoinne a oibríonn i réimse an oideachais speisialta. Dírítear

ar úsáid a bhaint go héifeachtach as acmhainní taighde, mar ar an gcuma san leagtar béim ar fhianaise ar féidir tógaint air agus tagtar ar na bearnaí a bhíonn san eolas ón taighde ar oideachas speisialta in Éirinn.

Foilsíodh tuairisc in éineacht leis an mbunachar a léiríonn conas a rinneadh nuashonrú an bhunachar sonraí, an réimse foilseachán atá ar fáil agus na téamaí breise a chuirtear leis na hiontrálacha atá sa bhunachar sonraí cheana féin ann.

**An bhfuil an nuacht is déanaí uait faoin dtaighde ar oideachas speisialta in Éirinn ón mbliain 2000 i leith?**

Féach ar ár mbunachar sonraí mar a bhfuil na Foilseacháin um Thaighde agus Polasaí Oideachais Speisialta in Éirinn. Rinneamar nuashonrú air i 2014 agus tá beagnach 3,200 tagairt anois againn air!

## Saothar eile Taighde i 2014

Leanadh de 6 cinn eile de thionscnaimh thaighde coimisiúnaithe nó bhí athbhreithniú a dhéanamh orthu i 2014. B'iadsan:

- ▶ Teicneolaíocht Chúntach do Leanáí ag a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta – Cén modh is fearr?
- ▶ Oideachas do Dhaoine ag a bhfuil an Mí-Ord Speictream Uathachais – Athbhreithniú Eagraithe Litríochta.
- ▶ Measúnú ar Sholáthar Oideachais do Scoláirí ag a bhfuil an Mí-Ord Speictream Uathachais i bPoblacht na hÉireann.
- ▶ Taighde Cuimsitheach i Scoileanna na hÉireann (Tionscnamh IRIS).
- ▶ Samhail an Rang Speisialta i Éirinn: Cén rath atá uirthi do Scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta i nGnáthscoileanna? [Céim 2]
- ▶ Staidéar ar Thaithí Scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta sna Meánscoileanna.

Le linn 2014 lean an t-aonad taighde NCSE de thacaíocht a sholáthar i dtreo polasaí NCSE a fhorbairt, san áireamh bhí:

- ▶ Páipéar mar chúlra do mheitheal NCSE faoi shamhail nua um dháileadh tacaíochtaí teagaisc, luadh taighde idirnáisiúnta agus cleachtas reatha i dtíortha éagsúla.
- ▶ Páipéar a thug léargas ar thaighde reatha in Mí-Ord Speictream Uathachais chun tacú le comhairle polasaí a fhorbairt don Aire i 2015.

## Comhdháil Bhliantúil Taighde NCSE

Bhí an chomhdháil bhliantúil taighde in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh 19 Samhain 2014 ar an gceann ba mhó riamh agus breis is 250 páirtithe tábhachtacha leasmhara i láthair. Orthusan bhí daoine a bhaineann le hoideachas is le tacaíocht do mhúinteoirí, príomhoidí agus múinteoirí, taighdeoirí, tuismitheoirí, síceolaithe oideachais, grúpaí tacaíochta míchumais, oifigigh na roinne, oifigigh rochtana agus ionadaithe ceardchumann na múinteoirí.



Teresa Griffin, POF NCSE, agus Eamon Stack, cathaoirleach NCSE leis an Aire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan ag Comhdháil Taighde NCSE 19 Samhain.



Bhí ár gcomhdháil taighde i 2014 ar an gceann ba mhó riamh – bhí breis is 250 i láthair. Rinneadh taifeadadh ar an gcomhdháil i mbliana, dá bhrí sin féach a raibh le rá ag na láithreoirí ar ár suíomh idirlín.

D'oscail an tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan, an ócáid. I ngach seisiún bhí trí théama – mí-ord speictream uathachais, taithí agus torthaí oideachais agus meabharshláinte dhearfach ar fud na scoile.

Bhí cur i láthair faoi Mhí-ord Speictream Uathachais ó aoichainteoir ó na SA, cainteanna ar thaighde coimisiúnaithe NCSE faoi Mhí-ord Speictream

Uathachais agus taithí agus torthaí oideachais; agus léirithe ar thaighde déanta ag gníomhaireachtaí eile ar chlár um meabharshláinte dhearfach ar fud na scoile. Ar deireadh tráthnóna bhí cur i láthair beomhar ó phainéal múinteoirí agus príomhoidí faoina dtaithí ar chlár um mheabharshláinte a chur i gcrích.

Is féidir na himeachtaí comhdhála sin go léir ó 2014 – agus ó na comhdhálacha taighde eile NCSE – a íoslódáil ón suíomh idirlín NCSE.

### Roinnt láithreoirí ag Comhdháil Taighde NCSE



Ó chlé ar chúl: Caroline Bond, Ollscoil Mhanchain; Wendy Symes, Ollscoil Edge Hill; Joseph Travers, Coláiste Phádraig, Droim Conrach; Sam Odom, Ollscoil Carolina Thuaidh. Ó chlé sa lár: Patricia Daly, Coáiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh; Michael Shevlin, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; Richard Rose, Ollscoil Northampton. Ó chlé chun tosaigh: Emer Ring, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh.



## Tosaíocht Straitéiseach 4

Athbhreithniú a dhéanamh  
ar an soláthar breisoideachais  
agus ardoideachais do  
dhaoine fásta ag a mbíonn  
riachtanais oideachasúla  
speisialta chomh maith le  
teoracha deachleachtais a  
fhorbairt





## Tosaíocht Straitéiseach 4

**Athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar breisoideachais agus ardoideachais do dhaoine fásta ag a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta chomh maith le treoracha deachleachtais a fhorbairt**

Le linn 2014, d'fhoilsíomar bileog eolais ar roghanna breisoideachais agus oiliúna do dhaoine fásta is do lucht fágtha scoile a bhíonn faoi mhíchumas.


Tá sé ríthábhachtach go mbeidh teacht ar an eolas cuí cruinn acu siúd a bhíonn ag smaoineamh ar bhreisoideachas nó ardoideachas, agus ar roghanna nó ar chonairí eile oiliúna. Beidh gá ag scoláirí leis an eolas úd agus iad ag ullmhú don aistriú ón scoil ar aghaidh go breisoideachas nó oiliúint. Mar a chéile do dhaoine fásta ar ndóigh, má bheartaítear filleadh ar an oideachas nó ar oiliúint níos déanaí.

Uaireanta bíonn deacrachtaí ag daoine faoi mhíchumas maidir le heolas cruinn ceart a fháil ar na roghanna nó ar chonairí a bheadh ann dóibh agus ar na tacaíochtaí a bheadh oiriúnach dá gcuid riachtanas féin.

I gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Míchumais d'fhoilsigh NCSE leabhrán eolais a choimrigh na príomhchláir náisiúnta agus na tacaíochtaí oideachais agus oiliúna a bhíonn ann do dhaoine fásta faoi mhíchumas. Mínítear freisin conas teacht ar bhreis eolais agus treorach maidir le seirbhísí cuí sna réimsí seo:

- ▶ breisoideachas;
- ▶ oiliúint ghairmiúil;
- ▶ ardoideachas;
- ▶ oiliúint athshlánaithe;
- ▶ seirbhísí lae do dhaoine fásta.

**Eolas ar na roghanna a bhíonn ar fáil nuair atá tú réidh leis an scoil.**





## Tosaíocht Straitéiseach 5

A chinntiú go leanann NCSE den bhforbairt mar eagraíocht éifeachtúil a ghéilleann do riachtanais idir reachtúil, rialaithe agus corparáideach agus a chinntiú go mbunaítear straitéisí éifeachtúla maidir le scaipeadh eolais, le cumarsáid agus leis na meáin



## Tosaíocht Straitéiseach 5

A chinntiú go leanann NCSE den bhforbairt mar eagraíocht éifeachtúil a ghéilleann do riachtanais idir reachtúil, rialaithe agus corparáideach agus a chinntiú go mbunaítear straitéisí éifeachtúla maidir le scaipeadh eolais, le cumarsáid agus leis na meáin

### Réamhrá

I 2014 leanamar dár gcumas is dár bhforbairt is sinn mar eagraíocht éifeachtúil, i dtreo ár ndualgais a chomhlíonadh idir reachtúil, rialaithe agus eile.

### Cruinniú leis an Aire

Mí na Nollag 2014, bhuail an Chomhairle leis an Aire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan. Ag an gcruinniú úd pléadh ábhair agus téamaí tosaíochta a bhaineann le ról NCSE agus le soláthar seirbhísí oideachais speisialta.



An tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan agus Eamon Stack, cathaoirleach, NCSE.

### Féinmheasúnú na Comhairle

Le linn 2014, rinne an Chomhairle measúnú ar a cuid feidhmíochta féin. Dhírigh an t-athbhreithniú ar fheabhas a chur ar an ullmhú roimh chruinnithe, ar ionductú is ar oiliúint leanúnach do na baill, ar imoibriú ardchaighdeán a éascú ag cruinnithe Comhairle, ar chaidreamh leis an bhfeidhmeannacht is le páirtithe leasmhara, ar chuspóirí a leagan síos agus ar mhonatóireacht fheidhmíochta.

## Comhaontú Soláthar Feidhmíochta

Tá Comhaontú Soláthar Feidhmíochta (PDA) idir NCSE agus an Roinn Oideachais agus Scileanna don tréimhse 2012-2014. Déantar monatóireacht ar dhul chun cinn faoi spriocanna aontaithe an PDA trí thuairisciú in aghaidh ráithe agus trí chruinnithe oifigiúla. I 2014 aontaíodh socruithe do mheasúnú bliantúil feidhmíochta faoin PDA agus cuirfear i gcrích iad i 2015. Tá comhráití ar siúl faoi láthair maidir le PDA a aontú don tréimhse 2015-16.

## Seirbhísí i bPáirt

Aistríodh seirbhísí NCSE um ghnóthaí daonacmhainní, párolla agus pinsin go dtí an ionad seirbhísí i bPáirt de chuid na Státseirbhíse.

## Cuntais Bhliantúla

Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais bhliantúla NCSE, seoltar chuig an Aire iad agus ina dhiaidh sin foilsítear iad ar shuíomh idirlín an NCSE ag [www.ncse.ie](http://www.ncse.ie).

## Deimhnithe um Ghéilliúlacht do Riachtanais an Chóid Rialaithe do Chomhlachtaí Stáit

Ghlac NCSE leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit agus cuimsítear na deimhnithe géilliúlachta do gach aon riachtanas atá sa chód in Aguisín 1 agus sa litir ón gCathaoirleach atá istigh sa tuarascáil seo.



**Rialú**





## Rialú

### An Chomhairle NCSE

Is í Comhairle an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta údarás rialaithe NCSE. Ceapann an tAire Oideachais agus Scileanna an Chomhairle faoi Alt 21 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (EPSEN), 2004. Ceapadh an Chomhairle reatha go ceann tréimhse trí bliana ón 1 Eanáir 2013 go 31 Nollaig 2015. Bhí seacht gcruinniú ag an gComhairle le linn 2014. Tá sonraí na mball agus a dtinreamh sa tábla anseo thíos agus foilsítear breis eolais ar ár suíomh idirlín.

### Baill Chomhairle NCSE agus an Aire Oideachais & Scileanna



Ó chlé ar chúil: Eithne Fitzgerald, Mary Friel, Sheelagh Drudy, Maureen Costello, Tom O'Sullivan, James O'Grady, Joan Russell. Ó chlé chun tosaigh: Pat Kinsella, Helen Guinan, Eamon Stack, Cathaoirleach an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, Jan O'Sullivan, T.D., Aire Oideachais agus Scileanna, Johnny Murphy, Philip O'Callaghan. As láthair ón ngrianghraf: Jenny Ennis.



Is oth linn a thuairisc gur cailleadh Mick Coughlan i 2014 tar éis drochghalar a bheith air ar feadh tamaill. Príomhshíceolaí an Ghréasán Náisiúnta Foghlama ab ea é a bhí mar bhall den Chomhairle ón mbliain 2010 agus chuir sé go mór lenár saothar ag leibhéal fóirshuntasach.

Baill Chomhairle NCSE le linn 2014		
Ainm	Sonraí	Tinreamh
Eamon Stack, cathaoirleach	Iar-Phríomh-Chigire An Roinn Oideachais agus Scileanna	6
Pat Kinsella, leas-chathaoirleach*	Iar-Phríomh-Oide, Coláiste Choilm, Baile an Chollaigh, Co Chorcaí.	6
Maureen Costello*	Stiúrthóir, An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíoch Oideachais	4
Mick Coughlan* <sup>4</sup>	Príomh-Shíceolaí cliniciúil Gréasán Náisiúnta Foghlama	—
Sheelagh Drudy	Ollamh Gradaim Oideachais i gColáiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath agus iar-Cheann Scoil an Oideachais Chol. Ollscoile Bhaile Átha Cliath	6
Jenny Ennis	Máthair chlainne agus beirt mhac aici ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta. Iarbhall bord bainistíochta Scoil Phobail an Linbh Íosa	4
Eithne Fitzgerald	Ceann polasaí agus taighde san Údarás Náisiúnta Míchumais	7
Mary Friel	D'imigh ar scor le déanaí ó bheith mar phríomhoide ar Choláiste Pobail Margaret Aylward, Bánhall, Bhaile Átha Cliath	6
Helen Guinan	Cathaoirleach an Údarás Náisiúnta Míchumais. D'imigh ar scor le déanaí ó bheith mar phríomhoide ar Scoil Speisialta Naomh Pól, Montenotte, Corcaigh	7
Johnny Murphy	Cigire rannáin, An Roinn Oideachais agus Scileanna	6
Philip O'Callaghan	Comhairleoir polasaí ag an Aire Sláinte agus múinteoir iarbhunoidreachais	6
James O'Grady*	Iar-Cheann seirbhísí míchumais i bhFeidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte. Ball de Bhord an Údarás Náisiúnta Míchumais	6
Tom O'Sullivan <sup>5</sup>	Iar-Leas-Rúnaí ginearálta, Cumann Múinteoirí Éireann. Iar-Phríomh-Oide ar Scoil Náisiúnta Buachaillí Naomh Seanáin, Luimneach	2
Joan Russell*	Oifigeach tionscnamh cleachtais teagaisc Bhord Oideachais agus Oiliúna na hÉireann (ETBI). Iar-Oifigeach Oideachais Bhord Oideachais is Oiliúna Chorcaí (CETB)	6

Is don dara téarma as a chéile ar an gComhairle atá na baill úd a bhfuil an marc \* ar a n-ainm

<sup>4</sup> Toisc é a bheith breoite, ní raibh Mick Coughlan, nach maireann, in ann freastal ar chruinnithe na Comhairle le linn 2014.

<sup>5</sup> Cheap an tAire Tom O'Sullivan Deireadh Fómhair 2014.

## Coistí na Comhairle

Bhunaigh an Chomhairle cúig cinn de choistí faoi Alt 33 den Acht EPSEN. Tuairiscíonn siad don Chomhairle de réir na dtéarmaí tagartha agus treoracha rialaithe a leagadh síos. Tá cead ag baill a bheith ar níos mó ná Comhairle amháin. Cheap an Chomhairle cathaoirleach seachtrach ar an gcoiste iniúchta ag a bhfuil taithí chuí.

Iniúchadh (ceithre chruinniú)	Attendance
John Fitzgerald, cathaoirleach	4
Eithne Fitzgerald <sup>6</sup>	1
Helen Guinan <sup>7</sup>	3
Philip O'Callaghan	4
James O'Grady	4
Eamon Stack	4

Feidhmíocht CEO (dhá cruinniú)	Attendance
Eamon Stack, cathaoirleach	2
Pat Kinsella	2
Joan Russell	2

Airgeadas (sé chruinniú)	Attendance
Joan Russell, cathaoirleach	6
Jenny Ennis	4
Mary Friel	4
Philip O'Callaghan	6

<sup>6</sup> D'éirigh Eithne Fitzgerald as an gcoiste iniúchta Márta 2014

<sup>7</sup> Tháinig Helen Guinan in ionad Eithne Fitzgerald ar an gcoiste iniúchta Meitheamh 2014

Taighde (cúig chruinniú)	Attendance
Sheelagh Drudy, cathaoirleach	5
Maureen Costello	4
Johnny Murphy	5
Tom O’Sullivan <sup>8</sup>	1

Straitéis agus Polasaí (cúig chruinniú)	Attendance
James O’Grady, cathaoirleach	5
Eithne Fitzgerald	5
Helen Guinan	5
Pat Kinsella	4

<sup>8</sup> Ceapadh Tom O’Sullivan ar an gcoiste i mí Dheireadh Fómhair 2014

## Fóram Comhairlitheach NCSE

Bhunaigh an Chomhairle an fóram comhairleach faoi Alt 22 den Acht EPSEN. Ceapann an Chomhairle suas le 17 ball de réir próiseas ordaithe comhairliúcháin. Ina theannta san ceapann an tAire triúr ball. Ceapadh na baill ar an bhfóram go ceann tréimhse trí bliana dar tús mí Iúil 2013. Tharla trí chruinniú i 2014. Anseo thíos liosta na mball:

Fóram Comhairlitheach NCSE (trí chruinniú)		
Baill cheaptha ag an gComhairle		Attendance
Seán Balfe	Príomh-Oide bunscoile	2
Ann Bourke	Speisialtóir míchumais, Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte	1
Seán Burke	D'imigh ar scor le déanaí ó bheith mar POF, Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus An Chláir	1
Denis Burns	Stiúrthóir dioplóma iarchéime i riachtanais oideachasúla speisialta, Coláiste na hOllscoile Chorcaí	3
Breda Corr	Rúnaí Ginearálta, Cumann Náisiúnta Bord Bainistíochta Oideachais Speisialta	3
Patricia Griffin	Oifigeach Oideachais, Siondróm Down Éireann	3
Adam Harris	Oibríonn le comhlachtaí deonacha a thacaíonn le lucht mí-ord speictream uathachais	2
Miriam Hilliard	Eagraí sinsearach riachtanais oideachasúla speisialta	3
Ann Jackson	Príomh-Oide scoil speisialta agus oifigeach Cumann Múinteoirí Oideachais Speisialta na Éireann	2
Denise Kelly	Oifigeach Taighde, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	1
Christy Lynch	Cathaoirleach, Cónaidhm Náisiúnta Cumann Deonacha. Príomh-Fheidhmeannach KARE	2
Teresa McDonnell	Cathaoirleach eagraíocht tacaíochta do thuismitheoirí leanaí atá bodhar nó ar a bhfuil lagú éisteachta	3
Patrick McVicar	Iar-Phríomh-Oide iarbhunoidachais agus ball den Chomhairle Mhúinteoireachta	3
Deirbhile Nic Craith	Oifigeach Sinsearach, Cumann Múinteoirí Náisiúnta na hÉireann	3
Julie O'Leary	Oibríonn le Fundúireacht COPE	2
Carmel O'Shea	Oibríonn leis an gComhairle Náisiúnta Tuismitheoirí	3
Donie O'Shea	Comhairleoir polasaí sinsearach, An tÚdarás Náisiúnta Míchumais.	2

Fóram Comhairlitheach NCSE (ar lean.)		
Baill cheaptha ag an Aire Oideachais agus Scileanna		Attendance
Alan Sayles	Cigire, An Roinn Oideachais agus Scileanna	2
Eamon Clavin <sup>9</sup>	Cigire, An Roinn Oideachais agus Scileanna	–
Michael Cullinane	Stiúrthóir Réigiúnach, An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíoch Oideachais	1
Aisling Curley	Príomh-Oifigeach Cúnta, Oideachas Speisialta, DES	2

<sup>9</sup> Cheap an tAire Eamon Clavin 23 Mean Fómhair 2014 in ionad Alan Sayles a d'ímigh ar scor



Aguisíní





# Aguisín 1

## Deimhnithe um Ghéilliúlacht do Riachtanais an Chóid Rialaithe do Chomhlachtaí Stáit

### Córas Rialaithe Airgeadais Inmheánach (SIFC) NCSE

Tá an Chomhairle freagrach as córas NCSE um rialú inmheánach agus freisin as athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht an rialaithe inmheánaigh, rialú airgeadais, oibriúcháin, rialú géilliúlachta agus bainistiú riosca san áireamh. Tá deimhniú go ndearna an Chomhairle athbhreithniú ar SIFC NCSE i 2014 sna cuntais iniúchta bliantúla a fhoilsítear ar leith.

### Cáin agus Géilliúlacht Rialaithe

Ní raibh aon chumarsáid faoi neamhghéilliúlacht do riachtanais de chuid údarais rialála ná cánach faoi ábhar ar bith. Níl NCSE ar an eolas maidir le haon neamhghéilliúlacht do dhlíthe ná do rialacháin a tharla nó a d'fhéadfadh a bheith tarlaithe is a chuirfeadh isteach ar ár ráitis airgeadais.

### Polasaí Taistil NCSE

Géilltear i ngach aon tslí do pholasaí rialtais faoi thaisteal gnó. D'fhorbair NCSE polasaí agus nósanna imeachta taistil de réir riachtanais an Rialtais. Beidh sonraí íocaíochtaí um thaisteal gnó don Chomhairle i 2014 istigh i Ráiteas Airgeadais iniúchta NCSE.

### Polasaí Soláthair

I NCSE cuirtear polasaí an rialtais um sholáthar poiblí i bhfeidhm.

Baineann NCSE leas as seirbhísí i bpáirt agus as conarthaí lárnacha tarraingthe, san áireamh bíonn siad siúd faoin tSeirbhís Náisiúnta Soláthair agus conarthaí Rialtais TFC ach iad a bheith ar fáil.

### Díol Sócmhainní

Maidir le sócmhainní a dhíol géilleann NCSE go hiomlán do na riachtanais a leagadh síos sa Chód Cleachtais.

### Nochtadh faoi Rún

D'aontaigh NCSE cleachtais a ligeann d'fhostaithe is do bhaill imní a nochthead faoi rún maidir le haon ghnó cam i dtuairisciú airgeadais nó in aon chúrsaí eile, agus más cuí, cinnteofar go leanfar d'aon scéal a bhunaítear tríd an gcleachtas úd.

### Cosaint Leanaí

D'fhorbair NCSE cleachtais agus teoracha foirne um cheisteanna cosaint leanaí a ardófaí ó am go chéile. Bunaíodh na teoracha ar an dTreoir Tús Áite ag Leanaí a d'fhoilsigh An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tá na teoracha NCSE ar fáil ar ár suíomh idirlín [www.ncse.ie](http://www.ncse.ie).

### Iniúchadh

Bhunaigh NCSE feidhm inmheánach iniúchta agus d'aontaigh cairt inmheánach iniúchta. Cheap an Chomhairle coiste iniúchta ag a bhfuil téarmaí aontaithe tagartha, san áireamh tá maoirseacht ar an bhfeidhm inmheánach iniúchta agus athbhreithniú ar na dréachtchuntais bhliantúla.

### Tuairisciú ar Fheidhmiú Bliantúil Fuinnimh

I 2014, thosaigh NCSE ar fheidhmiú fuinnimh san eagraíocht a thuairisciú don bhliain 2013 agus do na ceithre bliana roimhe sin, é sin á dhéanamh go díreach chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann mar a éilítear faoi rialacháin AE.

#### Léargas ar fheidhmiú fuinnimh NCSE i 2013 (na figiúirí is déanaí atá ar fáil)

172.69 MWh leictreachais

240.14 MWh breosla iontaise

0.00 MWh breosla inathnuaite

## Aguisín 2

### Foireann NCSE

Grád	Foireann sa phost deireadh 2014
Príomh-Fheidhmeannach	1
Príomh-Oifigeach	4
Ceann Seirbhísí Áitiúla	1
Príomh-Oifigeach cúnta	3
Eagraí Sinsearach um Riachtanais Oideachasúla Speisialta (SSENO)	9
Eagraí um Riachtanais Oideachasúla Speisialta (SENO)	67
Ardoifigeach feidhmiúcháin	5
Oifigeach feidhmiúcháin	3
Oifigeach Foirne	1
Oifigeach Cléireachais	3
<b>Iomlán</b>	<b>97</b>

## Aguisín 3

### Eolas Staitistiúil don Scoilbhliain 2013-14


Scoláirí ag a bhfuil Teacht ar Theagasc Acmhainne de réir Catagóir Míchumais.

Faigheann breis is 45,700 scoláire teagasc acmhainne ó mhúinteoirí acmhainne sna scoileanna. Tá 24,104 acu i ngnáthbhunscoileanna agus 21,669 ag freastal ar mheánscoil.

#### Bunscoileanna

Catagóir Míchumais	Líon Scoláirí
Siondróm measta	193
Uathachas/mí-ord speictream uathachais	5,455
Deacracht mothúcháin/iompair	4,357
Lagú éisteachta	746
Míchumas meánach foghlama ginearálta	558
Míchumais iolracha	2,059
Eile	185
Míchumas coirp	3,778
Tromshuaitheadh mothúcháin/iompair	776
Míchumas trom/fíor foghlama ginearálta	24
Mí-ord urlabhra agus teanga ar leith	5,662
Bac radhairc	311
<b>Iomlán</b>	<b>24,104</b>


#### Catagóir Míchumais Bunscoile



## Iarbhunscoileanna

Catagóir Míchumais	Líon Scoláirí
Siondróm measta	68
Uathachas/mí-ord speictream uathachais	2,557
Deacracht mothúcháin/iompair	3,079
Lagú éisteachta	461
Míchumas meánach foghlama ginearálta	192
Míchumais iolracha	839
Eile	37
Míchumas coirp	2,624
Tromshuaitheadh mothúcháin/iompair	485
Míchumas trom/fíor foghlama ginearálta	1
Mí-ord urlabhra agus teanga ar leith	1,089
Bac radhairc	227
Scoláirí ag a bhfuil míchumas imeallach nó éadrom foghlama ginearálta nó míchumas foghlama ar leith (meastachán)	10,010 <sup>10</sup>
Iomlán	21,669

## Catagóir Míchumais Iarbhunscoile



<sup>10</sup> Seo an líon scoláirí atá faoi mhíchumas ar mhinicíocht ard i meánscoileanna. I dtuarascáil bhliantúil NCSE 2012, ar na figiúirí catagóirí míchumais bhí 10,010 scoláire meánscoile faoi mhíchumas éadrom foghlama ginearálta, míchumas imeallach éadrom foghlama ginearálta agus míchumas foghlama ar leith. Ó 2012 i leith, réamhdháileadh thart ar 700 post teagasc acmhainne ar mheánscoileanna chun tacú leo siúd agus ní bhíonn ar scoileanna iarratais a sheoladh do na scoláirí seo ceann ar cheann.

## Aguisín 4

### Cur síos ar Chatagóirí Míchumais

Míchumais ar Mhinicíocht Ard	
Catagóir míchumais	Cur síos
Míchumas imeallach éadrom foghlama ginearálta	Rinne síceolaí measúnú ar an scoláire agus bhí fáthmheas mar mhíchumas imeallach éadrom foghlama ginearálta. Ar scála iomlán IQ an scoláire bhí scór idir 70 agus 79.
Míchumas éadrom foghlama ginearálta	Rinne síceolaí measúnú ar an scoláire agus bhí fáthmheas mar mhíchumas éadrom foghlama ginearálta. Ar scála iomlán IQ an scoláire bhí scór idir 50 agus 69.
Míchumas foghlama ar leith	Rinne síceolaí measúnú ar an scoláire mar a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>▶ Meabhair chinn ar an meán nó níos airde.</li> <li>▶ Míchumas foghlama go pointe áirithe a bhaineann le scileanna ar leith sa léamh, scríobh nó mata a chuireann an scoláire sa dara réimse céatadán i dtrialacha oiriúnacha, caighdeánacha, normthagartha.</li> </ul>

Míchumais ar Mhinicíocht Íseal	
Catagóir míchumais	Cur síos
Uathachas/mí-ord sa speictream uathachais (ASD)	Rinne síciatraí nó síceolaí measúnú ar an scoláire agus bhí fáthmheas mar uathachas nó mí-ord sa speictream uathachais de réir critéir DSM-IV nó ICD-10. <b>Nóta:</b> I 2013, chuir DES in iúl do NCSE gur chritéar um dháileadh acmhainní é aon fháthmheas déanta de réir DSM V.
Suaitheadh mothúcháin agus/nó iompair	Bíonn an scoláire faoi chúram síciatraí nó síceolaí de dheasca riocht mar néaróis, síocóis linbh, forghníomhaíocht, mí-ord easnamh aire, mí-ord fhorghníomhaíocht easnamh aire agus deacrachtaí iompair a chuireann isteach go mór air/uirthi maidir le cúrsaí sóisialta agus/nó foghlama ar scoil.
Lagú éisteachta	Tá lagú éisteachta ar an scoláire atá dona go leor is nach féidir urlabhra an duine a chloisint i gceart ná a thuiscint, dá réir sin bíonn bac air/uirthi maidir le páirt iomlán a ghlacadh i gcúrsaí sa tseomra ranga agus leas ceart a bhaint as an dteagasc. De ghnáth ceaptar cluaisín chúnta agus baintear leas as seirbhísí múinteoir cuairte.
Míchumas meánach foghlama ginearálta	Rinne síceolaí measúnú ar an scoláire agus bhí fáthmheas mar mhíchumas meánach foghlama ginearálta. Ar scála iomlán IQ an scoláire bhí scór idir 35 agus 49.

Míchumais ar Mhinicíocht Íseal	
Catagóir míchumais	Cur síos
Míchumais iolracha	Má dhéantar fáthmheas mar mhíchumais iolracha sroichtear na critéir don scoláire faoi dhá ceann nó níos mó de na míchumais luaite ar mhinicíocht íseal.
Riachtanais oideachasúla speisialta de dheasca siondróm measta	Rinneadh fáthmheas mar shiondróm measta m.sh. siondróm Down, siondróm William agus siondróm Tourette i dteannta aon cheann de na míchumais eile ar mhinicíocht íseal.
Míchumas coirp	<p>Tá an scoláire faoi mhíchumas buan nó fadtéarmach de dheasca riocht mar éagruth ón mbroinn, spina bifida, diospraicse, diostróipe mhatánach, pairilis cheirbreach, cnámh briosc nó gortú tar éis tromthimpiste. Toisc bac ar an bhfónamh fisiciúil, bíonn gá le breis tacaíochta is eadráin speisialta chun leibhéal agus caighdeán oideachais oiriúnach a sholáthar de réir cumas an scoláire.</p> <p>Is minic a bhíonn gá le cathaoir rotha, áis ghluaiseachta nó suite, nó le taca éigin eile teicneolaíochta.</p> <p>Bheadh easpa smacht is comhordú matánach i gceist uaireanta nó deacrachtaí cumarsáide, go háirithe urlabhra, mar shampla i gcás diospraicse troime.</p>
Míchumas trom nó fíor foghlama ginearálta	Rinne síceolaí measúnú ar an scoláire agus bhí fáthmheas mar mhíchumas trom/fíor foghlama ginearálta. Ar scála iomlán IQ an scoláire bhí scór faoi bhun 35. Uaireanta bíonn míchumas fisiceach leis.
Tromshuaitheadh mothúcháin agus/nó iompair	Is iad critéir EBD trom ná an scoláire a bheith faoi chúram síciatraí nó síceolaí cliniciúil mar gheall ar thromshuaitheadh cliniciúil. Níl ach líon an-bheag scoláirí a bheadh sa chatagóir úd.
Mí-ord urlabhra agus teanga ar leith	<p>Is iad seo na critéir a chomhlíonfaidh na scoláirí sin:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>► cumas feidhmíochta seachas ó bhéal atá laistigh de réimse an mheáin nó os a chionn, dá bhrí sin, scór IQ mar 90 ar a laghad um chumas feidhmíochta seachas ó bhéal</li> <li>► Rinne teiripí urlabhra agus teanga measúnú agus tháinig ar dhá ceann nó níos mó de thréigin chaighdeán (SD) faoi bhun an mheáin, nó ag leibhéal cothrom go ginearálta (– 2 SD nó faoina bhun, nó faoi bhun scór caighdeánach 70) maidir le réimse amháin ar a laghad de phríomhréimsí forbartha urlabhra agus teanga.</li> </ul> <p>Caithfear dhá mheasúnú a dhéanamh, síceolaíoch, agus urlabhra agus teanga.</p>



Míchumais ar Mhinicíocht Íseal	
Catagóir míchumais	Cur síos
<b>Bac radhairc</b>	Tá bac radhairc ar an scoláire atá dona go leor is nach féidir feiscint i gceart, dá bhrí sin bíonn bac air/uirthi maidir le hábhar súl mar phictiúir, léaráidí agus téacs scríofa. Uaireanta bíonn aicíd mar dhaille ón mbroinn, fionna, ailbíneachas nó reitiníteas lítheach. De ghnáth úsáidtear áiseanna radhairc agus baintear leas as seirbhísí múinteoir cuairte.

## Aguisín 5

### Gluais Acrainmneacha is mó Luaite

ASD	Autism spectrum disorder / Mí-ord speictream uathachais
CETB	Cork Education and Training Board /Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí
DES	Department of Education and Skills / An Roinn Oideachais agus Scileanna
DSM	Diagnostic and statistical manual of mental disorders / Leabhrán fáthmheasa agus staitistiúil um mhí-oird mheabhracha
EASNIE	European Agency for Special Needs and Inclusive Education / An Ghníomhaireacht Eorpach um Oideachas Riachtanas Speisialta agus Cuimsitheach
EBD	Emotional disturbance/behavioural disorder / Mí-ord suaithheadh mothúcháin/iompair
EPSEN	Education for Persons with Special Educational Needs Act, 2004 / An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (EPSEN), 2004.
ESRI	Economic and Social Research Institute / An Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta
ETBI	Education and Training Boards Ireland / Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann
EU	European Union / An tAontas Eorpach
GUI	Growing Up in Ireland / Ag Fás Aníos in Éirinn
ICD	International classification of diseases / Rangú Idirnáisiúnta Galar
TFC	Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide
IRIS	Inclusion Research in Irish Schools / Taighde um Chuimsiú i Scoileanna
IQ	Intelligence quotient / Comhrann intleachta
NCSE	National Council for Special Education / An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
PDA	Performance delivery agreement / Comhaontú soláthar feidhmíochta
SEN	Special education need / Riachtanas oideachasúil speisialta
SD	Standard deviation / Tréigean caighdeánach
SENO	Special educational needs organiser / Eagraí um Riachtanais Oideachasúla Speisialta
SIFC	System of internal financial controls / Córas Rialaithe Airgeadais Inmheánach
SNA	Special needs assistant / Cúntóir um Riachtanais Speisialta
UCD	University College Dublin / Coláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath

